October 2023

Naíscoil agus Bheanna Boirche

Polasaí Drugaí

October 2023

1.INTREOIR

Is doiciméad reachtúil é Polasaí Drugaí Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche, de réir an cáipéis DE 2015/23.

Creideann Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche go gcuireann mí-úsáid drugaí páistí agus pobal na scoile go ginearálta i gcontúirt. Is é príomhaidhm na scoile ná bheith ag amharc ar chúram na bpáistí, agus cuireann mí-úsáid drugaí isteach go mór ar an aidhm sin.

Níl cead ag duine ar bith – dalta, tuismitheoir, ball foirne nó cuairteoir – ag Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche drugaí de chinéal ar bith (ach amháin má tá cead scríofa ó thuismitheoir do leigheas ar oideas a thabhairt do pháiste nó má tá leigheas ar oideas ag ball foirne) a ghlacadh ar shuíomh na scoile, nó a bheith ar shuíomh na scoile má tá said faoi thionchar drugaí ar bith.

Tugann an polasaí seo treoir don scoil ar dhóigheanna le hOideachais Drugaí a theagasc, míníonn sé freagrachtaí na múinteoirí agus an fhoireann uilig, agus tugann se treoracha ar an dóigh le deileáil le mí-úsáid drugaí ar bith sa scoil.

1.1 Cén fáth?

Aithníonn Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche go bhfuil cultúr drugaí sa tsochaí sa lá atá inniu, agus go bhfuil tionchar ag a lán rudaí, cosúil le drugaí, i saol an pháiste, sa bhaile, sa timpeallacht, ó aois óg. Tá seans ann go bhfaca siad tuismitheoirí, dearthaireacha nó deirfiúracha, aintíní nó uncail ag caitheamh tabac, ag ól alcól nó ag glacadh leighis cheana fein. Beidh taithí de chineál éigean ag gach páiste de dhrugaí. Ba mhaith le Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche forbairt dearfach an ‘phaiste

iomlán' a chur chun cinn, agus creidtear go ndéantar seo tríd an oideachais. Ba choir go raibh ait ann ag oideachas drugaí sa churaclam, ó bhun na scoile ar aghaidh.

1.2 Comhtheacs

'A drugs education programme is just one part of a whole school response to drug misuse. It should provide opportunities for pupils to acquire the knowledge, understanding and skills to enable them to consider the effects of drugs on themselves and others, and to make informed and responsible choices within the context of a healthy lifestyle.' (Drugs: Guidance for Schools – CCEA 2015 http://ccea.org.uk/sites/default/files/docs/curriculum/area_of_learning/pdmu/drugs/Drugs_Guidance_for_Schools.pdf)

Beidh na páistí ag foghlaim faoi shláinte agus an corp, agus foghlaimeoidh siad faoin na contiúirtí is na himpleachtaí fad-saoil a bhaineann le drugaí.

2. REIMSE DRUGAÍ

'A drug is any substance which, when taken, has the effect of altering the way the body works or the way a person behaves, feels, sees or thinks. As well as everyday substances such as tea and coffee, drugs include:

- Alcohol and tobacco
- E-cigarettes
- 'over the counter medicines' such as paracetamol for headaches
- Prescribed drugs, such as anti-biotics and tranquilisers
- Volatile substances such as glues and aerosols

- Illegal drugs such as cannabis, LSD and ecstasy
- new psychoactive substances (NPS), formerly known as legal highs, which contain one or more chemical substances that produce similar effects to illegal drugs and are sold as incense, salts or plant food and marked 'not for human consumption' to avoid prosecution;
- Other substances such as amyl/butyl nitrate ('poppers') and magic mushrooms (CCEA 2004)

Déantar cuir síos ar na bealaigh le déileáil le mí-úsáid druga ar bith thíos.

3. AG BAINISTRÚ EACHTRAÍ AGUS AG TUAIRISCIÚ

Ba choir go raibh ball ar bith den fhoireann in amhrais má:

- fheiceann siad trealamh nó ábhair ar bith bainte le drugaí taobh istigh den scoil
- shíleann siad go bhfuil drugaí de chineál ar bith ag páiste
- fheiceann siad go bhfuil drugaí ag páiste
- shíltear go bhfuil drugaí glactha ag páiste

Nuair a tharlaíonn eachtra ar bith, ba choir don bhall:

- an suíomh a dhéanamh slán
- tacaíocht/cuidiú a fháil ó bhall eile
- Garchabhair a thabhairt más gá
- Má tá drugaí ar bith fáighte, ba choir don duine láimhínní a úsáid agus na drugaí a chur in áit slán go dtí go dtagann an PSNI
- Tuairisc a dhéanamh den eachtra

Nuair a dhéantar tuairisc ar eachtra drugaí, caithfidh an ball labhairt leis an Phríomhóide agus leis an Mhúinteoir Ceaptha (Máire). Rachaidh siad i dteaghmhail leis an Community and Schools Involvement Officer (CSIO). Déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí fósta. Déanfar tuairisc ag an bhall agus ag an Mhúinteoir Ceaptha, agus líonfar foirm 'Record of Action'. Cuirfear cóip amhain den fhoirm seo chuig Kim Scott, Designated Officer

for Drugs Education ag an EA, agus coinneófar cóip amhain sa chomhad scoile. Cuirfear in iul do Bhord na nGobhnóirí chomh maith.

Beidh an Foireann uilig eolach ar na ceimeanna seo.

NÍL CEÁD AG BALL AR BITH DEN FHOIREANN CUARDACH A DHÉANAMH AR EADAÍ NÓ EARRAÍ NA BPÁISTÍ GAN CEÁD ÓN PHÁISTE.

Ceadaítear cuardach ar throscáin scoile.

Pionós / Smachtbhanna

Tabharfar amach pionós/smachtbhanna de réir polasaí iompair na scoile. Beidh an Príomhóide freagrach as smacht na scoile agus beidh sí ábalta deileáil le heachtraí indibhidiúla nuair/má tharlaionn siad, ag glacadh san áireamh na mionsonraí éagsúla.

Bealaigh Éigeandála

Bíonn éigeandáil drugai i gceist má:

- tá páiste nó ball foirne i gcontúirt
- tá cuidiú láithreach, cosúil le Garchabhair de dhith

Eolas Rúnda

Is fachtóir fíorthábhachtach é go bhfuil muinín ag daoine óga ionainn agus go mothaíonn siad go bhfuil siad ábalta labhairt linn. Ach i gcásanna ar

léith a bhaineann le drugaí, tá iarratais ar bhall foirne eolas ar bith a fhaigheann siad faoi dhrugaí a roinnt le seirbhisí ábhartha, ar mhaithe le sláinte an pháiste agus na daltaí eile. Má insíonn páiste eolas ar bith do bhall foirne, tá freagrach ar an bhall cur in iúl don phaiste nach bhfuil tú ábalta an teolas sin a choinneáil rúnda.

Ag Deileáil leis an Mheán Cumarsáide

Má thagann an Meán Cumarsáide i dteagmhail leis an scoil, cuirfear iad go díreach chuig an Phríomhóide amháin. Nuair ag freagairt don Mheán Cumarsáide, coinneófar ainm páiste ar bith faoi rún. Tabharfar abairtí giorra fíorasacha.

4. OIDEACHAS DRUGAÍ SA CHURACLAIM

Ní theagascaíonn múinteoirí Oideachas Drugaí leis féin. Déantar é go leanúnach, mar chuid den chlár 'Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint'. Sa chlár FPCT, beidh deiseanna chun tuiscint s'acu a fhorbairt ar úsáid, mí-úsáid, éifeachtaí agus impleachtaí a bhaineann le drugaí ar dhaoine. Tá áit ar leith d'Oideachas Drugaí sna hachair foghlamtha eile chomh maith, cosuil le hEolaíocht, Reiligiúin, Teanga agus Litearthacht, TFC agus Corpoideachas. Tá feidirtheachtaí iontacha ann do chur chuige tras-churaclam i mNaíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche. Tugtar muinín agus scileanna do phaistí a rogha fein a dhéanamh. Mollann Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche caidrimh láidre idir an scoil, na tuismitheoirí, agus an pobal máguaird.

5. AIDHMEANNA AGUS CUSPÓIRÍ D'OIDEACHAS DRUGAÍ

October 2023

Tá Oideachais Drugaí, mar chuid den chlár FPCT i mNaíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche bunaithe ar fhorbairt phearsanta agus fhisiciula gach paiste sa scoil.

Aidhmeanna

- Beidh dearcadh dearfach ag gach páite maidir le sláinte phearsanta s'acu
- Beidh féinsmacht agus féinmheas acu
- Tógfar féinmhuinín na bpáistí
- Forbrófar scileanna smaointí s'acu, agus beidh muinín acu a gcinneadh féin a dhéanamh
- Páistí a chur in iúl d'éifeachtaí a bhaineann le mí-úsáid drugaí
- Páistí a chur in iúl ar an tionchar a bhíonn acu ar phaistí/dhaoine eile

Cuspóirí

Mar gheall ar Oideachas Drugaí, ba chóir go raibh tuiscint agus eolas ag paistí ar dhrugaí agus cursaí a bhaineann leo, agus ba mhaith linn go raibh na scileanna saoil acu le cuidiú leo deileáil le dushláin ar bith a bheadh rompu sa todhchaí.

Beidh na páistí ábalta:

- Á bpearsantacht, á n-ábaltachtaí, á riachtanais agus a suimeanna féin a thuiscint
- Cinnidh freagracha eolasacha a dhéanamh dóibh féin
- Á mbarúlacha féin bainte le drugaí a fhiosrú
- Straitéisi a fhorbairt le cuidiú leo deileáil le brú ó phaistí nó ó dhaoine eile
- Féinsmacht s'acu a fhorbairt
- Buntaistí a bhaineann le saol slán a thuiscint
- Reimse drugaí a thuscint agus a gcontúirtí a aithint

6. OIDEACHAS DRUGAÍ A THEAGASC SA SEOMRA RANGA

Is ábhar iomlán scoile é Oideachas Drugaí tríd an chlár FPCT. Beidh múinteoiri uilig ag Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche eolach ar an pholasaí seo agus cuirfear traenail inseirbhíse ón EA ar fáil don fhoireann uilig ar Oideachas Drugaí nuair is gá. Déanfar an Muinteoir Ceaptha agus an Príomhóide cinnte go bhfuil gach múintoir ranga ag teagasc faoi dhrugaí mar chuid den FPCT. Tá gach múinteoir indibhidiúil freagrach as Oideachas Drugaí a theagasc tríd na hachair curaclaim eile.

Áiseanna

I mNaíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche, bainfear úsáid as na haiseanna seo chun Oideachas Drugaí a theagasc:

- Bosca FPCT
- Beo Go Deo

Cuaiteoirí eile

Is féidir le muinteoirí Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche cuairteoirí éagsúla a úsáid le cuidiú leo Oideachas Drugaí a theagasc go heifeachtach.

- PSNI
- Banáltra Scoile

7. CAIDRIMH LE TUISMITHEOIRÍ, AN COMHPHOBAL AGUS AN PSNI

Tá áit lárnach ag tuismitheoirí chun mí-úsáid drugaí a chosc. Bíonn siad páirteach nuair a scríobhtar polasaíthe ar bith, agus tá siad páirteach sa pholasaí ar Oideachas Drugaí seo. Cuirtear in iúl do thuismitheoirí nuair atá duine/cuairteoirí ag teacht isteach le labhairt faoi dhrugaí agus cursaí drugaí leis na páistí, agus iarrtar ar thuismitheoirí a bheith páirteach i dtascanna obair baile agus gníomhaíochtai a bhaineann le hOideachas Drugaí. Tá tuismitheoirí eolach ar bhlealaigh scoile le deileáil le drugaí fósta.

Oibríonn Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche go cóngarach leis an chomhphobal chun eachtraí drugaí a laghdú.

Tá caidreamh maith ag Naíscoil agus Bunscoil Bheanna Boirche leis an PSNI, agus ta sé seo ina cuidiú má tharlaionn rud ar bith a bhaineann le drugaí. Tá Community and Schools Involvement Officers (CSIO's) ar fail le cuidiú linn nó le tacaíocht a thabhairt nuair is gá.

8. RÓL AG FOIREANN NA SCOILE

Ról an Múinteoir Ceaptha

Tá Máire Uí Bhuadáin freagrach as:

- Bealaigh a chur i bhfeidhm má tá eachtra drugaí ar bith sa scoil
- Foireann a chuir in iúl ar an pholasaí agus athruithe de gné ar bith den pholasaí a dhéanamh
- Drugaí ar bith atá sa scoil a bhaint ón pháiste
- Bheith ag obair leis an Phríomhóide
- Bheith ag obair le cuairteoirí ar bith a thagann a bhaineann le drugaí/Oideachas Drugaí
- Traenáil a eagrú don fhoireann nuair is cuí
- Ag athrú an polasaí más gá
- Foirm Eachtra a líonadh

Ról an Phríomhóide

Tá Aingeal Nic an tSábhaisigh freagrach as:

- Ag cinntiú sonraí eachtra ar bith
- Ag obair leis an PSNI
- Cúram an pháiste a chinntiú
- Drugaí ar bith atá fáighte sa scoil a ghlacadh is a chur ar shiúl go dtí go dtagann an PSNI
- Ag obair leis an EA
- Ag obair le Bord na nGobhnóirí
- Ag lionadh an Tuairisc Scríofa agus cóip de a chur chuig an EA agus Bord na nGobhnóirí
- Teaghmháil a dhéanamh le tuismitheoir an pháiste

Ról ag Bord na nGobhnóirí

- Deiseanna a thabhairt do pháistí, tuismitheoirí agus pobal na scoile go ginearálta inchur a bheith acu ar an pholasaí
- Cinntiú go bhfuil an polasaí ar fáil go poiblí
- Cinntiú go ndéantar athbhreithniú rialta ar an pholasaí
- Gobhnóir amhain a ainmniú le bheith i mbun cúrsaí drugaí má tharlaíonn eachtra ar bith

9. LEIGHEAS A THABHAIRT DO PHÁISTÍ

Tá céad ag baill foirne leigheas a thabhairt do pháistí má tá céad scríofa againn ón tuismitheoir. Leanaimid comhairle ó DENI mar atá leagtha sa doiciméad seo: https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/supporting-pupils-with-medical-needs.pdf.

10. MONADÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

Déantar meastóireacht rialta ar pholasaí drugaí na scoile. Athraíonn barúlacha, iompair agus dlíthe bainte le drugaí agus caithfidh polasaithe ar bith na hathruithe seo a leiriú. Pléitear modhanna teagaisc go minic, agus déantar athruithe ar phleanáil / ceachtanna de réir mar is gá.

Is ábhair rialta é polasaíthe na scoile ag cruinnithe foirne agus beidh baill nua den fhoireann eolach ar an pholasaí seo, cosúil leis na polasaithe scoile uilig.

Baineann an polasaí seo le polasaithe slánchumhdaithe eile na scoile, mar a léirítear thíos (CCEA 2015) :

Tá an polasaí seo ar fáil do thuismitheoirí má tá suim iontu é a léamh.

Déanfar athbreithniú ar an pholasaí seo arís i mí Mheithimh 2019, nó roimhe más gá.